

# Beartas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le Málaí Gainimh

Ní sholáthraíonn ná ní dháileann an Chomhairle Cathrach málaí gainimh ar áitribh aonair a bhíonn i mbaol ó thuilte. Is iad úinéirí na maoin sin a bhíonn freagrach go príomha as áitribh den sórt a chosaint.

Is é príomhchúram na Comhairle Cathrach le linn aimsir fhliuch an líonra draenála a bhainistiú ionas nach gcuirfidh tuilte as don phobal i gcoitinne ach a laghad is is féidir é. Ba bhac an-mhór ar an obair seo málaí gainimh a sholáthar agus a dháileadh. Ina theannta sin chuirfeadh an t-ardú dosheachanta ar líon na nglanna teileafóin ar ionaid ghlaonna éigeandála ag iarraidh málaí gainimh isteach go mór ar chumas na n-ionad sin déileáil le tuilte móra.

Tá sé tógtha ina gceann anois ag daoine má úsáideann siad málaí gainimh gur beart éifeachtach é sin mar chosaint in aghaidh tuilte. Léiríonn na héilimh a dhéantar ar an gComhairle Cathrach málaí gainimh a chur ar fáil do shealbhóirí tí agus do ghnólachtaí a bhíonn i mbaol ó thuilte gurb amhlaidh atá.

Coinníonn an Chomhairle stoic straitéiseacha de mhálaí gainimh i líon beag láithreacha. Isteach is amach le 9,000 mála an líon a bhíonn ann agus bíonn siad i láithreacha éagsúla lena n-áirítear Cluain Tarbh, Dubhach Thrá, Páirc Ghleann Dubh, agus sna hiostaí draenála atá ar Lána Mhuire Mhaith agus ar Bhóthar Bhanú. Cuspóirí straitéiseacha an fáth a gcoinnítear na stoic ar na suíomhanna seo agus bíonn siad úsáideach i limistéir ina mbítear ag déileáil le tuilte a mbíonn dóthain réamhrabhadh tugtha ina dtaobh.

Tá comhairle ghinearálta d'úinéirí maoin faoi dhéileáil le tuilte le fáil i bhfoirm leabhráin ó Oifig na nOibreacha Poiblí agus ar an suíomh gréasáin [www.flooding.ie](http://www.flooding.ie). Is í an chomhairle a chuireann Oifig na nOibreacha Poiblí ar úinéirí a bhfuil maoin acu atá i mbaol ó thuilte málaí gainimh a choinneáil gar do láthair. Tugtar le fios freisin sna nótaí atá leis an gcomhairle go n-aithnítear go bhféadfadh go mbeadh sé deacair málaí gainimh a chur amach le linn tuilte agus go bhféadfadh gur bhaol don tsláinte iad dá mbeidís truailithe ag séarach.

Maidir le málaí gainimh a úsáid mar mhodh chun maoin aonair a chosaint le linn tuilte tugtar an méid seo a leanas mar chonclúid i mórthuarascáil ar na drochthuilte de bharr na báistí a bhí sa Ríocht Aontaithe sa bhliain 2007, agus ar a dtugtar The Pitt Review:

- *Cé gur léir go mbíonn málaí gainimh úsáideach nuair a bhíonn cineálacha éagsúla tuilte ann ach iad a úsáid go straitéiseach, ní bhíonn a leas chomh soiléir céanna nuair a úsáideann sealbhóirí tí iad chun maoin aonair a chosaint. Is laigede fós iad mar gheall ar a neamhéifeachtúlacht choibhneasta i gcomparáid leis na táirgí malartacha dílsithe atá ann mar chosaint in aghaidh tuilte agus a forbraíodh le blianta beaga anuas, táirgí amhail comhlaí uisce agus cumhdaigh aerbhrí.*

- *Tá fianaise fhairsing ann go mbraitheann an pobal rómhór ar mhálaí gainimh ach is minic a tharla sé nárbh fhiú mórán iad mar chosaint in aghaidh tuilte.*
- *Chaith go leor sealbhóirí tí agus úinéirí gnó am agus dua ag fáil agus ag leagan málaí gainimh ach b'fhearrde toradh a saothair dá ndéanfaidís rud éigin eile amhail a sealúchais a chur ar shlí shábhála agus cláir a chur leis na doirse.*
- *B'fhéidir go mbeadh málaí gainimh éifeachtach dá mbeifí idir dhá chomhairle faoi an dtiocfadh uisce isteach i dteach nó nach dtiocfadh, ach ní bhíonn siad chomh héifeachtach sin tríd is tríd i gcás toirteanna móra uisce cé gurb é a mhalairt de thuairim atá i measc an phobail.*

Theastódh níos mó acmhainní thar mar atá ar fáil don Chomhairle Cathrach faoi láthair dá mbeifí le málaí gainimh a sholáthar do na maoinne go léir a bhíonn i mbaol ó thuilte nuair a bhíonn ráigeanna móra báistí ann. Fiú is dá soláthrófaí acmhainní den sórt ba indéanta an ní é go lóistíochúil málaí gainimh a dháileadh in am le maoinne a shábháil ó bheith báite go dona, go háirithe nuair a bheadh sé ina dhíle báistí. Nuair a bhíonn tuilte ann is gnách go mbíonn an líonra iompair an-ghnóthach, rud a fhágann go mbíonn sé an-deacair ar chriúna CCBHÁC limistéir áirithe a shroicheadh chun caidéal a dháileadh, comhlaí uisce a dhúnadh, nó málaí gainimh a sholáthar. Nuair nach bhfaightear mórán fógra go mbeidh tuilte ann, bíonn sé dodhéanta málaí gainimh a sheachadadh.

Theastódh ón gComhairle Cathrach infheistíocht shuntasach a dhéanamh le stórtha málaí gainimh a sholáthar i láithreacha sonracha thart timpeall na cathrach a bhféadfadh áitritheoirí na háite dul chomh fada leo nuair a thabharfaí rabhadh i dtaobh tuilte. Dá mbeifí le haird a thabhairt ar rabhadh faoi thuilte, nach intuartha dóibh agus a mbíonn ceithre (4) cinn nó cúig (5) cinn díobh ann ar an meán sa bhliain, ba é a thoradh go ndáilfí málaí gainimh níos minice ná mar ba ghá, rud a d'fhágfadh go mbeifí ag dul i gcostas nár ghá chun an stoc riachtanach málaí a choinneáil i ngach láthair. Ach fós, theastódh ó áitritheoirí na háite iarracht mhór a dhéanamh chun málaí gainimh a iompar ó na coimeádáin áitiúla agus iad a leagan agus seans nach mbeidís leagtha acu in am chun formhór na maoinne a shábháil ó bhá i gcás ráigeanna móra báistí. Lena chois sin, dá bhfágfaí málaí gainimh i láithreacha áirithe, níl aon bharántas ann gurb iad na daoine a dteastódh siad uathu a gheobhadh iad. Nuair a bhíonn tuilte ann is iondúil go mbíonn daoine líonraithe agus is fánach a tharlódh sé go mbeadh na málaí tugtha leo ag daoine nach mbeadh i mbaol ó thuilte agus go mbeadh na daoine ba mhó a bheadh ina gcall fágtha dá n-uireasa.

Moltar d'úinéirí a bhfuil a maoinne i mbaol ó thuilte a stoc féin de mhálaí gainimh folmha a bheith acu, más féidir é, mar aon leis an méid gainimh a theastódh leis na málaí a líonadh nuair a bheadh baol tuilte ann. De rogha, ba cheart d'úinéirí comhlaí uisce dílsithe oiriúnacha agus cumhdaigh a fháil chun oscailtí amhail doirse, fuinneoga agus gothairí a chosaint.

**De ghnáth bíonn an pobal ag súil leis nuair a bíonn tréimhsí tuilte ann go gcuirfidh an Chomhairle Cathrach málaí gainimh ar fáil do mhaoine a bhíonn i mbaol ó thuilte. Seachas in imthosca eisceachtúla ní hamhlaidh a bhíonn. Is é nó í úinéir na maoinne a bhíonn freagrach go príomha as an áitreabh a chosaint.**